# Eagarthóir Coimisiúnaithe Ábhair

### 1x Conradh Buan (ag tosú mí Meán Fómhair 2026)

### 1x Conradh Bliana (ag tosú láithreach)

Is mian le TG4 Eagarthóirí Coimisiúnaithe Ábhair a earcú. Tá tacaíocht ag teastáil ar bhonn buan agus duine breise ag teastáil ar bhonn sealadach ar chonradh bliana. Ag freagairt don Stiúrthóir Ábhair, beidh an tEagarthóir Coimisiúnaithe Ábhair freagrach as cláir agus ábhar a fhorbairt, a choimisiúnú agus a cheannach a bheidh oiriúnach do TG4, de réir riachtanais sceideal ilardáin agus spriocanna TG4, atá ar an gcaighdeán is airde agus is mó luacha do phobal féachana leathan TG4 in Éirinn agus ar fud an domhain.

Fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déantar iarratais incháilithe a mheas gan beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá meon dearfach ag TG4 i leith na hÉagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cúlraí éagsúla acu. Tacaíonn TG4 le daoine faoi mhíchumas a fhostú.

**Ról**
Beidh an té a cheapfar freagrach as ceannasaíocht a ghlacadh ar na cláir agus ar an ábhar a choimisiúnaítear agus beidh forbairt smaointe, struchtúr, scripteanna, ionchur cruthaitheach, fiúntas, buiséad agus seachadadh i measc na bpríomhdhualgas a bheidh ar an té a cheapfar. D’fhéadfadh réimsí freagrachta coimisiúnaithe clár agus ábhair a bheith dírithe ar sprioclucht féachana nó seánra ar leith ag brath ar riachtanais na heagraíochta.

**I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, gan bheith teoranta dóibh, beidh;**

- Cláir Ghaeilge den scoth a sholáthar do sceideal ilardáin TG4/Cúla4 atá ar ardchaighdeán agus a thugann an luach is fearr ar airgead.
- Ard-bhreithiúnas eagarthóireachta a fheidhmiú ar ábhar craolta teilifíse agus ilardáin
- Straitéisí seánra a threorú agus a bhainistiú de réir riachtanais ábhair TG4
- Iarratais ar choimisiúnú a léamh agus a mheas.
- Sárthuiscint ar riachtanais an lucht féachana agus iarratas á roghnú.
- Treoir Eagarthóireachta ar ábhar a thabhairt do chomhlachtaí léiriúcháin
- Treoir choimisiúnaithe agus chruthaitheach a thabhairt do chomhlachtaí léiriúcháin
- Ról gníomhach i dtaobh freastal ar lucht féachana TG4 trí idirbheartaíocht agus comhpháirtíocht a dhéanamh le rannóga eile TG4
- An córas coimisiúnaithe agus deiseanna oiliúna a úsáid chun earnáil na léiriúchán neamhspleách Gaeilge a fhorbairt.
- Ceannacháin agus athcheadúnú a dhéanamh ar chláir nach cláir Ghaeilge iad nuair is gá
- Dul i mbun plé le soláthróirí idirnáisiúnta, féachaint ar mhíreanna bolscaireachta agus freastal ar imeachtaí margaidh.
- Comhpháirtíocht a chruthú agus deiseanna comhléirithe a fhorbairt i bpáirt le heagrais chistíochta agus craoltóirí eile de réir mar a oireann.
- Seasamh agus íomhá an chraoltóra phoiblí a chur chun cinn agus a bheith i d’éascaitheoir ag léiritheoirí agus comhlachtaí neamhspleácha.
- Ábhar coimisiúnaithe a aontú trí chóras rialaithe agus comhlíontachta TG4.
- Aon fhreagrachtaí réasúnta eile a mheasann an Stiúrthóir bunaithe ar riachtanais an ghnó.

Tabhair ar aird: Is treoir atá sa sainchuntas poist seo maidir le réimsí éagsúla freagrachta agus cuntasachta agus níor cheart breathnú air mar liosta cuimsitheach. D'fhéadfadh an sainchuntas poist a bheith faoi réir athbhreithnithe i bhfianaise struchtúir nua agus / nó athrú a bheith ag teacht ar riachtanais TG4.

Bíonn tionscal na teilifíse ag síorathrú.  Glacann TG4 go fonnmhar leis na hathruithe seo agus athróidh an comhlacht agus dualgais na foirne dá réir.

**Nithe atá riachtanach don phost seo:**

- A bheith tiomanta d'Fhís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.
- Tuiscint ar an lucht féachana agus ar na cláir agus ábhar ilardáin a mheallann iad.
- Saineolas ar chláir theilifíse agus ábhar ilardáin a fhorbairt
- Tuiscint ar sceideal TG4 agus ar an gcomhthéacs ina bhfeidhmíonn sé
- Eolas ar fhreagrachtaí an chraoltóra phoiblí maidir le caighdeáin agus cóid ábhartha clár.
- Taithí agus eolas ar chláir theilifíse Ghaeilge a léiriú i ndomhan dian-iomaíoch ilardáin
- Tuiscint ar oibríochtaí teilifíse, bainistiú buiséid, dlí na meán cumarsáide, cearta craolta agus ar théarmaí trádála na hearnála.
- Ábalta feidhmiú go muiníneach, éifeachtach as do stuaim féin i dtimpeallacht spreagúil.
- Meon dearfach i leith na hoibre agus ábalta oibriú mar chuid d'fhoireann.
- Taithí mhaith ar chúrsaí riaracháin agus ríomhaireachta, ar na hardáin meán sóisialta agus ábalta córais nua a fhoghlaim go tapa.
- Ábalta spriocanna oibre a chomhlíonadh agus a chinntiú go mbeidh ábhar, a bheidh ar ardchaighdeán, réidh agus ar fáil in am.
- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.

Sa gCeannáras i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe atá an post seo. Tá polasaí oibre solúbtha i bhfeidhm ag TG4.

**4pm Déardaoin an 7 Bealtaine 2026 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.** Seol CV mar aon le litir iarratais ina léirítear an taithí agus an spéis atá agat sa ról Eagarthóir Coimisiúnaithe Ábhair, chomh maith leis an taithí atá agat sna seánraí ábhartha chuig **cv@tg4.ie**

**Eolas Breise don Iarratasóir**

**Grád an Phoist:**

Grád 3

**Uaireanta Oibre:**

39 uair sa tseachtain. Mar gheall ar riachtanais an phoist, táthar ag súil go mbeifí solúbtha ó am go ham, lena n-áirítear a bheith sásta oibriú, nuair atá gá leis, lasmuigh d'uaireanta oifige, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc.

**Laethanta Saoire:**

Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**

Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:**

Beidh taisteal i gceist ó am go chéile mar chuid den ról, in Éirinn agus thar lear.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha<br>• Saoire Staidéir agus Scrúduithe | • Táillí Ballraíochta Gairmiúla<br>• Pinsean Ranníocach<br>• An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe<br>• An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre |